kinia
Ní Saol go Foghlaim

# Tuarascáil
# Clár TechSpace 2022




An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

kinia
Ní Saol go Foghlaim

S20 STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030
Ár dTeanga, Ár bPobal

kinia
Clár Techspace

kinia
Ní Saol go Foghlaim

# Tuarascáil
# Clár TechSpace 2022

Nollaig '22

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Achoimre Feidhmiúcháin | 3 |
| Réamhrá | 5 |
| Sprioc an Tionscadail | 6 |
| Príomhnithe Inseachadta 2022 | 7 |
| Bainistiú an Chláir | 9 |
| Forbairt | 9 |
| Seachadadh an Chúrsa Oiliúna & Tacaíocht | 11 |
| Imeachtaí | 13 |
| Margaíocht agus Bolscaireacht | 15 |
| Monatóireacht & Measúnú | 16 |
| Bainistiú an Tionscadail | 16 |
| Buaicphointí | 17 |
| Forbairt Curaclaim | 32 |
| Stádas Láithreáin ar fud na Tíre | 37 |
| Dúshláin agus Moltaí | 41 |
| Éachtaí agus Moltaí | 43 |
| Scéalta faoi Thionchar | 47 |
| Nóta ó na Comhordaitheoirí | 48 |

kinia
Ní Saol go Foghlaim



# 1

# Achoimre Feidhmiúcháin

# Clár TechSpace in 2022

4000 — **Duine óg rannpháirteach**

572 — **Duine óg rannpháirteach in TechFéile 2022**

500 — **Oideachasóir a fuair tacaíocht**

250 — **Institiúid a fuair tacaíocht**

191 — **Oideachasóir a fuair oiliúint**

191 — **Pacáiste trealamh a dáileadh**

119 — **Institiúid faoi oiliúint**

119 — **Seisiún Tacaíochta**

110 — **Oideachasóir a d'fhreastail ar Ócáid Kinia d'Oideachasóiri in Google Samhain 2022**

57 — **Iarratas chuig Comhraic Róbat ag TechFéile 2022**

39 — **Oiliúint a reáchtáladh**

26 — **Eagraíocht a chláraigh le TechFéile 2022**

22 — **Eagraíocht a chláraigh cheana féin le Creative Tech Week 2023**

11 — **Oideachasóir ar bronnadh 21 Dintiúr Kinia orthu**

4 — **Cúrsa oiliúna a forbraíodh agus a seachadadh**
STEAM: Ciorcaid
An Chruthaitheacht Dhigiteach: Scannánaíocht mhóibileach An Chruthaitheacht Dhigiteach: Podchraoladh
Eolaíocht Ríomhaireachta: Róbataic

# Cé muidne?

**Eolas faoi Kinia**

Is carthanas agus fiontar sóisialta neamhbhrabúis atá dírithe ar an oideachas é Kinia. Is mian linn a chinntiú go mbeidh scileanna agus deiseanna foghlama atá dírithe ar an todhchaí ar fáil do gach leanbh agus duine óg. Tá Kinia meáite ar bhonnsraith a leagan síos a thacaíonn leis an éagsúlacht agus leis an uilechuimsitheacht a bheith ina bpríomhphiléir i sochaí ina bhfuil an fhís ag gach leanbh a n-aislingí a chothú agus an chonair acu chun iad a bhaint amach.

**Clár TechSpace**

Cuireann TechSpace oiliúint ar oideachasoirí ionas gur féidir leo áisitheoireacht a dhéanamh do ghníomhaíochtaí sa Chruthaitheacht Dhigiteach, san Eolaíocht Ríomhaireachta agus i STEAM. Déantar é sin de bhun prionsabal forbartha óige as Gaeilge. Is tionscadal é Clár TechSpace a mhaoiníonn An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus a bhainistíonn Kinia. Cuireann Kinia oiliúint ar oideachasóirí agus tacaíonn se leo as Gaeilge, oideachasóirí ó scoileanna Gaeltachta, ó Ghaelscoileanna (ar leibhéal bunscoile agus meánscoile) agus ó eagraíochtaí óige a oibríonn as Gaeilge le daoine óga idir 10-18 mbliana d'aois ar fud na hÉireann. Ach a dtugann siad an oiliúint chun críche, tacaítear le hoideachasóirí agus le múinteoirí ionas go mbeadh siad mar bhall de líonra foghlama roinnte náisiúnta, áit ar féidir leis nó léi leas a bhaint as deiseanna bliantúla, acmhainní, tacaíocht sa teicneolaíocht chruthaitheach agus deiseanna sealbhaithe scileanna. Is é an chuid is tábhachtaí de Chlár TechSpace an tacaíocht leanúnach ar leibhéal áitiúil, atá ar fáil d'oideachasóirí de bhun comhordaitheoirí cnuasaigh réigiúnacha a a bhíonn ar fáil le haghaidh na tacaíochta leanúnaí ar fud na tíre.

Tá seisear ball foirne lánaimseartha againn faoi láthair atá ag obair ar Chlár TechSpace in éineacht le ceathrar comhordaitheoirí cnuasaigh réigiúnacha páirtaimseartha eile. Tá an clár TechSpace ar fáil go náisiúnta ó 2019 mar chonair chun torthaí foghlama an 21ú hAois a fheabhsú i measc gach duine óg in Éirinn, is iad sin, Comhoibriú, Cruthaitheacht, Smaointeoireacht chriticiúil agus Cumarsáid as Gaeilge.

kinia
Ní Saol go Foghlaim

# Stair an Chláir

Cuireadh tús leis an tionscadal mar scéim phíolótach in 2015 i mBaile Átha Cliath agus reáchtáil sé a chéad oiliúint réigiúnach in 2016 i gConnachta. Deonaíodh maoiniú bliantúil ilbhliana do chur i bhfeidhm náisiúnta an chláir in 2017 mar chuid den Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030. Reáchtáladh oiliúint réigiúnach i gCúige Mumhan in 2017 agus ceapadh comhordaitheoir lánaimseartha ar an tionscadal. Sa bhliain 2018 fostaíodh bainisteoir tionscadail bord chun tacú leis an imeacht bliantúil Tech Féile agus fostaíodh beirt Oifigeach um na Meáin Dhigiteacha agus STEAM chun ábhar curaclaim a chur le chéile agus chun oiliúint a chur ar oideachasóirí ar fud Líonra TechSpace go náisiúnta.

Leagtar amach sa tuarascáil seo gníomhaíochtaí tionscadail an Chliár TechSpace ó Eanáir - Nollaig 2022.



# Sprioc an Tionscadail do 2022

Mar chuid den mhaoiniú a dheonaigh An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán do Chlár TechSpace in 2022 leanamar ar aghaidh ag forbairt oideachasóirí agus eagraíochtaí agus ag tacú leo i gCúigí Chonnacht, Mumhan, Laighean agus Uladh agus reáchtálamar an imeacht náisiúnta, TechFéile

Mar chuid den mhaoiniú a dheonaigh An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta don Phlean um Chlár TechSpace a chur i ngníomh go náisiúnta, lean Kinia ar aghaidh in 2022 ag forbairt na ndeiseanna a chuirtear ar fáil d'oideachasóirí agus do dhaoine óga chun obair óige digiteachta agus curaclam teicneolaíocht-bhunaithe a sheachadadh tríd Eolaíocht, an Teicneolaíocht, an Innealtóireacht, an Ealaín, an Mhatamaitic (STEAM), teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, agus tríd an gcruthaitheacht dhigiteach go náisiúnta. Reáchtáladh ceiliúradh náisiúnta as Gaeilge ar obair daoine óga dar teideal TechFéile i mí Aibreáin i nDroim Rí do ghaelscoileanna agus d'eagraíochtaí óige as Gaeilge.

# Príomhnithe Inseachadta 2022 - Go náisiúnta

## Bainistiú an Chláir

**Ean - Noll 2022**

Tacaíocht agus forbairt leanúnach don fhoireann reatha ✓ Críochnaithe

Leanfaidh Kinia ag tacú le:

### CONNACHT

Chun an seachadadh seirbhíse seo a fheabhsú tuilleadh, tháinig deireadh lenár gcomhpháirtíocht le Foróige in 2022 agus bunaíodh comhpháirtíocht nua le Muintearas. Leanfar den chomhpháirtíocht seo a fhorbairt agus tairgfear Spás KiniaLab i Mol Chlár TechSpace i lár chathair na Gaillimhe, Áras na nGael. Cuirfear an mol seo ar fáil freisin chun oiliúint agus forbairt a chur ar Oideachasóirí. Is ról páirtaimseartha é an ról seo (0.6FTE).

✓ Críochnaithe

### MUMHAIN

Leanfaidh Kinia d'oiliúint a chur ar Chomhordaitheoir Cnuasaigh na Mumhan agus tacú leis an duine sin. Is ról páirtaimseartha é an ról seo (0.6FTE).

✓ Críochnaithe

### CIARRAÍ

Rachaidh Kinia i gcomhpháirtíocht le Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne chun oiliúint a chur ar Chomhordaitheoir Cnuasaigh Réigiúnach i gCiarraí agus tacú leis an duine sin.

✓ Críochnaithe

### BAILE ÁTHA CLIATH

Leanfaidh Kinia d'oiliúint a chur ar Chomhordaitheoirí Cnuasaigh Bhaile Átha Cliath & Laighean agus tacú leis na daoine sin i gcomhpháirtíocht le Conradh na Gaeilge.

✓ Críochnaithe

### ULAIDH

Rachaidh Kinia i gcomhpháirtíocht le Muintearas, Óige na Gaeltachta chun oiliúint a chur ar Comhordaitheoir Cnuasaigh Réigiúnach agus tacú leis an duine sin in Ulaidh.

✓ Críochnaithe

### CÚIGE LAIGHEAN

Leanfaidh Kinia de chomhpháirtíochtaí a chothú chun Líonra Chlár TechSpace a mhéadú agus chun infheisteoirí seachtracha a mhealladh.

✓ Críochnaithe

Leanfaidh Kinia de thaighde agus forbairt a dhéanamh ar oiliúint agus ar chláir shaincheaptha i réimsí na cruthaitheachta digití (Léiriú Amhairc, Mojo, AR, VR, Grianghrafadóireacht, Dearadh Grafach), STEAM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Ealaíona agus Matamaitic) agus Eolaíocht Ríomhaireachta do chláir a dhíríonn ar dhaoine óga cláir agus a chuirtear ar fáil as Gaeilge.- Ar siúl go leanúnach

# Acmhainniú Foirne le tacaíocht ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán in 2022

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

- **Comhordaitheoir Nua Tionscadal Náisiúnta** (Réigiúin a Fhorbairt, Seachadann Oiliúint & Tacaíocht)
- **Oifigeach Méan Cruthaitheach** (Forbraíonn agus Seachadann Oiliúint & Tacaíocht Leanúnach)
- **Oifigeach STEAM** (Forbraíonn agus Seachadann Oiliúint & Tacaíocht Leanúnach)
- **Comh-Bhainisteoir Cláir atá ann cheana féin** (Foireann TasG a oiliúint, a fhorbairt agus tacú leo) Foireann TechSpace
- **Comh-Stiúrthóir Cláir**
- **Oifigeach Comhpháirtí Páirtaimseartha Tionscadail Réigiúnach do Sheirbhísí Óige** - Connachta
- **Oifigeach Comhpháirtí Lánaimseartha Tionscadail Réigiúnach do Sheirbhísí Óige** - Mumhain & Ciarraí
- **Oifigeach Comhpháirtí Páirtaimseartha Tionscadail Réigiúnach do Sheirbhísí Óige** - Ulaidh
- **Oifigeach Comhpháirtí Lánaimseartha Tionscadail Réigiúnach do Sheirbhísí Óige** - Laighin (seachas Baile Átha Cliath)
- **Oifigeach Comhpháirtí Lánaimseartha Tionscadail Réigiúnach do Sheirbhísí Óige** - Laighin (Baile Átha Cliath amháin)
- **Oifigeach Tionscadail** (Tacaíocht/Imeachtaí/Riarachán)
- **Forchostais Tionscadail**

# Forbairt

## EAN - MEITH 2022
**[Tionscnaimh ar Lean]**

- Profáil ar ábhar aistrithe & acmhainní chun críche a bhfoilsithe
  Ar siúl go leanúnach
- Comhpháirtíochtaí agus cláir TechFéile a fhorbairt
  Críochnaithe
- Leabhar Scoilbhliana a Fhorbairt do bhunscoileanna agus do mheánscoileanna
  Críochnaithe
- Ábhar Eolaíochta Ríomhaireachta a fhorbairt chun a fhoilsithe
  Ar siúl go leanúnach
- Seachtain na hEolaíochta - Bhí ceardlanna againn mar chuid dár n-imeacht Kinia Educator, agus fuair siad pacáiste trealaimh fuinnimh in-athnuaite
  Críochnaithe
- Forbairt STEAM 4 - Deis d'oideachasóirí dul chun cinn a dhéanamh mar chuid den chlár - **Neamhiomlán mar gheall ar fhorbairt atá á déanamh sa teicneolaíocht ghlas in 2023, atá bunaithe ar aiseolas ó oideachasóirí.**

## IÚIL - NOLL 2022

- Profáil ar ábhar aistrithe & acmhainní chun críche a bhfoilsithe Ar siúl go leanúnach
- Ábhar ar líne a aistriú agus a fhorbairt do Phobal Cleachtais Chlár TechSpace
  Ar siúl go leanúnach
- Pobal Cleachtais ar Líne Chlár TechSpace a fhorbairt
  Ar siúl go leanúnach
- Acmhainní ar líne Chlár TechSpace a fhorbairt
  Ar siúl go leanúnach
- Meáin Dhigiteacha 4 a Fhorbairt - Deis d'oideachasóirí dul chun cinn a dhéanamh mar chuid den chlár - **D'fhorbraíomar oiliúint nua i bPodchraoladh d'oideachasóirí chun dul chun cinn a dhéanamh de thoradh ar aiseolais agus éileamh.**
- Bunscoileanna 2 a Fhorbairt - Deis d'oideachasóirí dul chun cinn a dhéanamh mar chuid den chlár.
  Críochnaithe
- 15 threoir ghníomhaíochta chuimsitheacha agus bhríomhara san Eolaíocht Ríomhaireachta
  Críochnaithe

## EANÁIR - NOLLAIG 2022
**[Tionscnaimh Nua]**


- Físeáin ghníomhaíochta do líonra ar líne
  Taifeadta
- Micridhintiúir d'Oideachasóirí [3 leibhéal suaitheantais ar fáil faoi 2022
  Críochnaithe
- Micridhintiúir do Mhic Léinn [5 Réimsí Suaitheantais ar fáil faoi 2023]
  Ar siúl go leanúnach

# Clár Techspace Uimhreacha 2022

| | TOTAL ON CLÁR IN 2022 |
|---|---|
| OIDEACHASÓIRÍ EDUCATORS | 500 |
| BUNSCOILEANNA | 165 |
| MEÁNSCOILEANNA & EAGRAÍOCHTAÍ ÓIGE | 85 |

| OILIÚINT SAN IOMLÁN DO 2022 | 2022 |
|---|---|
| OILIÚINT TECHSPACE SAN IOMLÁN | 39 Oiliúint (190+ oideachasóir) |
| SEISIÚIN TACAÍOCHTA D'OIDEACHASÓIRÍ SAN IOMLÁN* | 119 Seisiún tacaíochta |
| SEISIÚN LE COMHAIRLIGH CHRUTHAITHEACHTA SAN IOMLÁN** | Cúig Champa samhraidh |

**Seisiúin Tacaíochta**




* Oiliúint fheabhsaithe scileanna d'oideachasóirí atá oilte faoi láthair agus atá ina mbaill de Líonra Chlár TechSpace
** Comhairle atá faoi stiúir ndaoine óga a thagann le chéile dhá uair sa bhliain chun ábhar agus curaclam nua a bhreithniú agus a fhorbairt do Chlár TechSpace

# Cúrsa Oiliúna Seachadadh & Tacaíocht

**Aitheantas le haghaidh oiliúna**

- Faigheann gach rannpháirtí oiliúna Teastas Oiliúna.
  Críochnaithe
- Beidh dintiúir ar fáil faoi dheireadh na bliana.
  Críochnaithe
- Gheobhaidh gach láthair TechSpace a thacaíonn leis an gclár suaitheantas fuin-neoige.
  **Fuair gach láthair pleanálaí balla bliana**

| OILIÚINT CURTHA AR FÁIL | 2022 |
|---|---|
| EOLAÍOCHT RÍOMHAIREACHTA | 12 |
| NA MEÁIN DHIGITEACHA | 25 |
| STEAM | 2 |
| IOMLÁN | 39 |

*Tabhair ar d'aird: (Fógraíodh agus sceidlíodh 53 cúrsa ach ní dhearnadh aon chlárú i gcásanna áirithe mar gheall, den chuid is mó, ar dheacracht le clúdach ionadaíochta seomra ranga a fháil, 39 oiliúint críochnaithe).*

**Tacaí, Feabhsú scileanna agus Ceardlanna Óige**

- Seisiúin Tacaíochta d'Oideachasóirí (Feabhsú scileanna d'oideachasóirí atá oilte faoi láthair) - 119 seisiún tacaíochta
- Seisiún le Comhairligh Chruthaitheachta - cúig champa samhraidh

Tháinig méadú suntasach ar thacaí d'oideachasóirí mar gheall ar shamhail Chomhordaitheoirí Cnuasaigh Kinia. Bliain chrua ba ea 2022 maidir le freastal ar oiliúint ach mar gheall ar ár múnla cnuasaigh bhíomar in ann tacú lenár n-oideachasóirí fós ach cuairt a thabhairt ar eagraíochtaí agus tacaíocht a sholáthar i rith na bliana.



# Seó Bóthair

In 2019 thaistil TechSpace go dtí na ceantair Ghaeltachta chun ceardlanna dhá uair an chloig TechSpace a chur ar fáil d'fhoireann Coláistí Gaeilge, a d'úsáid na scileanna sin san ábhar a sheachad siad ar mhic léinn le linn a dtréimhse trí seachtaine sa Ghaeltacht. Tá an t-aiseolas a fuarthas ó choláistí Gaeilge an-dearfach. Mar sin féin, mar gheall ar COVID cuireadh srian lenár gcumas an clár seo a sheachadadh le linn 2020 agus 2021. Bhí sé i gceist againn an seó bóthair sin a athsheoladh mar chuid de Chlár TechSpace in 2022, agus 25 cheardlann a sheachadadh, agus 7,000 duine óg a bheith rannpháirteach. Níor tharla sé sin in 2022, áfach, mar gheall ar an éiginnteacht a bhain le coláistí Gaeilge a reáchtáil i Samhradh 2022. Dá thoradh sin chuamar i gcomhairle le pleanálaithe teanga réigiúnacha ar fud na tíre agus thugamar cúnamh dóibh, agus d'eagraíochtaí óige áitiúla, cúig champa Samhraidh a reáchtáil i gceantair dhifriúla Ghaeltachta.
Déanfar athbhreithniú agus plé ar phlean seo an Seó Bóthair féachaint an rogha inmharthana é agus rachaimid i gcomhpháirtíocht le Conradh na Gaeilge amach anseo.

**Sceideal Míosúil Eanáir go Bealtaine 2022**

Seisiúin Tacaíochta d'Oideachasóirí
✓ Críochnaithe
Comhairleoirí Cruthaitheachta
✓ Críochnaithe
Oiliúint Bunscolaíochta
✓ Críochnaithe
Oiliúint sna Meáin Dhigiteacha
✓ Críochnaithe
Oiliúint STEAM
✓ Críochnaithe
Oiliúint san ER
✓ Críochnaithe

**Meitheamh 2022**

Seisiúin Tacaíochta d'Oideachasóirí
✓ Críochnaithe
Comhairleoirí Cruthaitheachta
✓ Críochnaithe
Oiliúint Bunscolaíochta
✓ Críochnaithe
Oiliúint sna Meáin Dhigiteacha
✓ Críochnaithe
Oiliúint STEAM
✓ Críochnaithe
Oiliúint san ER
✓ Críochnaithe
Seo Bóthair - **Neamhchríochnaithe ach faoi athbhreithniú (rannpháirtíocht le pleanálaithe teanga ina ionad)**

**Iúil 2022**

Campa samhraidh amháin i gCorcaigh (bhí campaí samhraidh dírithe ar 10 nduine óg idir 13-18 mbliana d'aois, ar feadh cúig lá. Seo deis don chlár daoine óga a chur i mbun rannpháirtíochta i gcuraclam nua a forbhraíodh le haghaidh oiliúna atá le seachadadh amach anseo. Clúdóidh na campaí samhraidh meascán de STEM, Eolaíocht Ríomhaireachta & Meáin Dhigiteacha.) - **Neamhchríochnaithe (easpa comhordaitheora cnuasaigh sa Mhumhain) - Aistríodh é seo go campa i gCúige Laighean de bharr cúrsaí foirne**

Campa samhraidh amháin i gCiarraí (bhí campaí samhraidh dírithe ar 10 nduine óg idir 13-18 mbliana d'aois, ar feadh cúig lá. Seo deis don chlár daoine óga a chur i mbun rannpháirtíochta i gcuraclam nua a forbhraíodh le haghaidh oiliúna atá le seachadadh amach anseo. Clúdóidh na campaí samhraidh meascán de STEM, Eolaíocht Ríomhaireachta & Meáin Dhigiteacha.)

✓ Críochnaithe (cuidigh an comhordaitheoir cnuasaigh le campa i gCiarraí)

Campa samhraidh amháin i gConnachta (bhí campaí samhraidh dírithe ar 10 nduine óg idir 13- 18 mbliana d'aois, ar feadh cúig lá. Seo deis don chlár daoine óga a chur i mbun rannpháirtíochta i gcuraclam nua a forbhraíodh le haghaidh oiliúna atá le seachadadh amach anseo. Clúdóidh na campaí samhraidh meascán de STEM, Eolaíocht Ríomhaireachta & Meáin Dhigiteacha.)

✓ Críochnaithe (cuidigh an comhordaitheoir cnuasaigh le 2 champa i gConnachta)

Seo Bóthair - **Neamhchríochnaithe ach faoi athbhreithniú (rannpháirtíocht le pleanálaithe teanga ina ionad)**

**Lúnasa 2022**

Campa samhraidh amháin in Ulaidh (bhí campaí samhraidh dírithe ar 10 nduine óg idir 13-18 mbliana d'aois, ar feadh cúig lá. Seo deis don chlár daoine óga a chur i mbun rannpháirtíochta i gcuraclam nua a forbhraíodh le haghaidh oiliúna atá le seachadadh amach anseo. Clúdóidh na campaí samhraidh meascán de STEM, Eolaíocht Ríomhaireachta & Meáin Dhigiteacha.) Críochnaithe (cuidigh an comhordaitheoir cnuasaigh le campa in Ulaidh)

Seo Bóthair - **Neamhchríochnaithe ach faoi athbhreithniú (rannpháirtíocht le pleanálaithe teanga ina ionad)**


**Sceideal Míosúil MF go Noll '22**

Seisiúin Tacaíochta d'Oideachasóirí
✓ Críochnaithe
Comhairleoir Cruthaitheachta - 2022/2023 Chuir earcaíocht do Chomhairle na nÓg tús le hOiliúint Bunscolaíochta
✓ Críochnaithe
Oiliúint sna Meáin Dhigiteacha
✓ Críochnaithe
Oiliúint STEAM
✓ Críochnaithe
Oiliúint san ER
✓ Críochnaithe

## Seachtain an hEolaíochta 2022

# Creative Educator Tech Fest 2022

Mar chuid de Sheachtain na hEolaíochta reáchtáileamar ár gcéad Creative Educator Tech Fest riamh. Ócáid ba ea í chun aitheantas a thabhairt do na hoideachasóirí ar ár gcláir agus don fhorbairt a rinneadh laistigh de na cláir. Ócáid faoi leith a bhí ann, toisc gur thug sé múinteoirí agus oibrithe óige le chéile, daoine a oibríonn go rialta leis na daoine óga céanna ach nach mbíonn deis acu bualadh le chéile go minic. Ócáid dhátheangach a bhí ann. Thug Creative Educator TechFest deis dúinn teacht ar líon mór oideachasóirí in aon áit amháin. Tugadh Pacáiste Trealaimh Fuinnimh In-athnuaite do gach oideachasóir a d'fhéadfaidís a úsáid laistigh dá dtimpeallachtaí óige leis na daoine óga lena n-oibríonn siad. Bhí os cionn 100 oideachasóir i láthair sa Google Foundry ar an lá agus sheolamar ár dintiúir nua.





## Comhpháirtíochtaí a Mhéadú agus Maoiniú Meaitseála

# Clár TechSpace @GTEIC

Tabharfaidh an tionscadal seo trealamh do mhoil áitiúla GTEIC agus tacóidh sé le hoideachasóir nó le hoibrí deonach áitiúil agus é nó í ag treorú seachadadh scileanna digiteacha agus gníomhaíochtaí agus oiliúint bunaithe ar STEAM. Ach lonnú i GTEICanna déanfaimid daoine óga áitiúla a nascadh leis an inspioráid agus leis an infrastruchtúr a bheidh de dhíth orthu le bheith ar an gcéad ghlúin eile d'fhiontraithe Gaeltachta. Tá beartaithe go mbeidh breis is 30 **mol digiteach GTEIC** ag soláthar breis agus 700 spás oibre sa Ghaeltacht agus tá 18 mol oscailte cheana féin nó ar tí a n-oscailte.

Táimid i mbun caidrimh le hÚdaras na Gaeltachta féachaint cén chaoi ar féidir linn an ciorcal foghlama, turgnaimh agus gníomhachtúcháin STEM a dhúnadh ach daoine óga i gceantair Ghaeltachta a nascadh leis an inspioráid agus leis an infrastruchtúr a bheidh de dhíth orthu le bheith ina bhfiontraithe agus iad bunaithe ina bpobal féin.

# Clár TechSpace @ láithreacha BCP

**Ar siúl go leanúnach - Is é is Pointí Naisc Leathanbhanda (BCP)** ann spásanna i gceantair thuaithe a bhfuil teacht acu ar leathanbhanda ardluais. Tá BCPanna lonnaithe in ionaid phobail, i gclubanna CLG agus i moil dhigiteacha i bpobail tuaithe ar fud na hÉireann, áit nach mbíonn naisc ardluais ar fáil go saoráideach do thithe. Is féidir le daoine dul isteach iontu agus nasc leathanbhanda a fháil do chúrsaí oibre nó do chúrsaí sóisialta agus caitheamh aimsire. Tá Kinia ag obair chun úsáid na teicneolaíochta cruthaithí a thabhairt isteach sna BCPanna ach oiliúint a chur ar fhoireann agus oibrithe deonacha aosacha chun obair a dhéanamh leis an teicneolaíocht chruthaitheach i gcomhar le daoine óga ina bpobal.

Chuir Kinia imeachtaí Tech Tour ar siúl in BCPanna ar fud na tíre in 2022. Bíonn foireann Kinia ar fáil ag na himeachtaí sin chun féidearthachtaí na teicneolaíochta cruthaithí a thaispeáint le ciorcaid, le heolaíocht ríomhaireachta agus leis an gcruthaitheacht dhigiteach. Tugtar cuireadh d'ionadaithe ó scoileanna áitiúla, ó ghníomhaireachtaí agus ó BCPanna réigiúnacha teacht agus triail a bhaint as an teicneolaíocht chruthaitheach. Is féidir le daoine a fhreastalaíonn ar an Tech Tour clárú le haghaidh raon oiliúna sa teicneolaíocht chruthaitheach a thairgtear an mhí dár gcionn san áit chéanna.

Cuireadh Tech Tours ar siúl in 2022 i bPointí Nasctha Leathanbhanda i gceantair Ghaeltachta dála an Turais a reáchtáladh i Muintearas Teo, Leitir Móir, Co. na Gaillimhe (chláraigh 3 a d'fhreastail le haghaidh na hoiliúna ina dhiaidh sin).

## Margaíocht agus Bolscaireacht

**Ean - Meith 2022**

- Nuashonrú ar shuíomh idirlín TechSpace ionas go mbeadh sé dátheangach agus go mbeadh limistéar na mball ann
  Ar siúl go leanúnach
- Suíomh idirlín TechSpace tugtha cothrom le dáta de réir mar ba ghá (Tech Féile, ESB Creative Tech Fest)
  Críochnaithe
- Scéalta is déanaí don Nuachtlitir via Adobe Spark agus cainéil na meán sóisialta.
  Críochnaithe
- Ábhar margaíochta a dhearadh, a phriontáil agus a scaipeadh d'imeachtaí agus do shuíomhanna TechSpace
  Críochnaithe
- Tinreamh agus ábhar nuálach margaíochta oideachais ina measc málaí Féiríní ag Imeachtaí dá leithéidí an Chomórtais Treabhdóireachta, Tionól Forbartha i gcomhpháirt le Gael-Oideachas agus COGG - **Freastalaíodh ar imeachtaí difriúla toisc go raibh daoine mall ag filleadh ar imeachtaí mar gheall ar an éileamh a bhí ar oiliúint agus ar thacaíocht. Áirithintí déanta do 2023**
- Freastal ar Oireachtas na Gaeilge agus áisitheoireacht a dhéanamh do cheardlann - **Beartaithe do 2023**

# Monatóireacht & Measúnú

**Ean - Noll 2022**

- Bailiú sonraí le linn cuairteanna láithreáin, seisiúin tacaíochta, cruinnithe le comhairligh chruthaitheachta, seisiúin oiliúna agus imeachtaí.

  Críochnaithe

**Ean–Meith 2022**

- Logfhráma Monatóireachta agus Measúnaithe agus córais struchtúrtha bhailithe sonraí a dhearadh agus a fhorbairt.

**Feabh, Meith, Samhain 2022**

- Tuarascálacha Forfheidhmiúchain a chur le chéile bunaithe ar na príomhnithe inseachadta i gcomhréir le hiarratais tarraingthe anuas

  Críochnaithe

# Bainistiú Tionscadail

**Nithe Inseachadta a bhaineann le Bainistiú Tionscadail do Kinia 2022**

- Pleanáil tionscadail, bainistiú buiséid, bainistiú foirne, maoirseacht agus tuairisciú.

  Críochnaithe

- Comhpháirtíochtaí a chothú agus a fhorbairt & leanúint d'fhéidearthachtaí líonra a fheabhsú.

  Críochnaithe

**Maoinitheoirí:**

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

**Comhpháirtithe Líonra:**

| | |
|---|---|
| Creative Ireland Partnership | Raidió na Gaeltachta |
| COGG | gTeic |
| JCT | ESB |
| Údaras na Gaeltachta | Rethink |
| TG4 | Medtronic |
| RTÉ | SF |

**Comhpháirtithe Oideachasóirí Óige:**

| | |
|---|---|
| Conradh na Gaeilge | Foróige |
| Ógras | Muintearas |
| Féachtas | Gaelscoileanna |
| Cumann na bhFiann | Sraith Geailge |
| Coláiste Lurgan | Oifigeach Pleanáil Teanga |

- Ceardlann chéadeolais a chur ar fáil do mhaoinitheoirí féideartha eile as Gaeilge chun infheistíocht bhreise a fháil don chlár atá ag leathnú.

  Ar siúl go leanúnach

- Féilire deiseanna a bhunú chun deiseanna comhpháirtíochta Chlár TechSpace a chur chun cinn.

  Ar siúl go leanúnach

- Deiseanna a fhorbairt do dhaoine óga chun cainteanna gairme a chloisteáil faoin gCruthaitheacht Dhigiteach agus faoi STEAM as Gaeilge.

  Ar siúl go leanúnach

**Nithe Inseachadta Breise**

- Ábhar a chruthú atá ar fáil as Gaeilge dár líonra ar líne - críochnaithe Tacaíocht
- leanúnach dár n-oideachasóirí agus dár suíomhanna

  Críochnaithe

## Buaicphointí

Chonacthas in 2022 roinnt éachtaí móra sa Chlár TechSpace, a mbeidh tionchar ollmhór acu ar an treo a ghabhfaimid as seo amach in 2023.

# Samhail na gCnuasach

Bhí rath mór ar ,húnla na gcnuasach againn. Ach comhordaitheoir réigiúnach a bheith ann do gach ceann dár réigiúin tugtar tacaíocht iontach dár n-oideachasóirí. Mar a luadh sa tuarascáil seo chuaigh sé dian orainn i mbliana clárúcháin a fháil le haghaidh oiliúna i bpearsain mar gheall ar dheacrachtaí ionadaíochta i scoileanna. Mar gheall go raibh comhordaitheoirí cnuasaigh réigiúnacha ar fáil bhí siad in ann cuairt a thabhairt ar na láithreacha seo tráth a d'oir don oideachasóir chun tacú lena riachtanais. Seo sampla de líon na dteagmhálacha/na gcuairteanna a bhí ag na cnuasaigh go réigiúnach:

675 Teagmháil le láithreacha


119 Seisiúin Tacaíochta ar an Láthair/Ar Líne


5 Chomhordaitheoir Cnuasaigh

# Creative Educator Tech Fest




Reáchtáil Kinia a chéad imeacht d'oideachasóirí i mí na Samhna seo caite sa Google Foundry. Lá iontach a bhí ann ina raibh ceardlanna agus taispeántais inspioráideacha, spás líonrúcháin, cainteanna spotsolais d'oideachasóirí, príomhchainteoirí, seoladh Dhintiúir Kinia agus go leor eile. Tháinig breis agus 110 oideachasóir le chéile ó gach cearn den tír chun an t-aitheantas seo dá gcuid oibre le daoine óga a cheiliúradh. Bhí an t-aiseolas a fuaireamar tar éis na hócáide thar a bheith dearfach!







# Dintiúir Kinia

Is é an aidhm atá againn go mbeidh deis ag gach foghlaimeoir scileanna a fhobairt, scileanna a bheidh de dhíth orthu chun a lánchumas foghlaim ar feadh an tsaoil a bhaint amach. Cuirimid oiliúint ar oideachasóirí ionas go mbeidh na huirlisí acu chun scileanna agus teicneolaíocht dhigiteach a chur i ngníomh ina seomraí ranga agus i dtimpeallachtaí óige. Tá clár dheich modúl forbartha cumais ag Kinia atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir agus a cuireadh le chéile chun freastal ar riachtanais oiliúna daoine atá in earnáil an oideachais fhoirmiúil agus in earnáil na óige. Tá modúil againn faoi láthair a chlúdaíonn an chruthaitheacht dhigiteach, STEAM, eolaíocht ríomhaireachta agus úsáid éifeachtach Google for Education.

D'fhonn aitheantas a thabhairt do na scileanna nua a roinneann oideachasóirí lena gcleachtas forbartha óige, agus chun forbairt ghairmiúil leanúnach a spreagadh, chruthaíomar Dintiúir Kinia dár gcuid modúl. Dearadh na dintiúir chun go mbeidís ag teacht leis an NFQ ionas gurb ionann iad agus 1 ECTS ar leibhéal 9. Is é an plean fadtéarmach atá ann iad a chreidiúnú ionas gur féidir iad a charnadh i dtreo dámhachtainí ag a mbeidh aitheantas QQI (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann).
Le trí mhí anuas rinneamar próiseas Aitheantais d'Fhoghlaim roimhe seo (RPL) chun aitheantas a thabhairt do na hoideachasóirí sin a thug oiliúint linn chun críche. Bronntar na dintiúir bunaithe ar dhianmheasúnú ar fhoghlaim thionscadal-bhunaithe ach úsáid a bhaint as portfóilió digiteach a sholáthraíonn fianaise gur chuir an t-oideachasóir na scileanna nua i ngníomh i dtimpeallacht forbartha óige.

Is Dintiúir Dhigiteacha Eorpacha don Fhoghlaim iad Dintiúir Kinia agus eisítear trí Europass iad.




## Dintiúir Dhigiteacha Eorpacha don Fhoghlaim

- Tá siad neodrach i dtéarmaí méide, formáide agus foinse
- Is comhchaighdeán iad chun cur síos a dhéanamh ar an bhfoghlaim ionas gur féidir iad a chur i gcomparáid lena chéile
- Tá siad ilteangach, trédhearcach agus iniompartha
- Ní féidir ár ndintiúir a ghóchumadh toisc go n-eisítear iad le ríomhshéala (eSeal) cáilithe
- Déantar iad a sheachadadh trí thionscnamh de chuid an Choimisiúin Eorpaigh

## Is é is Europass ann:

- Ardán slán ar líne inar féidir le foghlaimeoirí a gconair foghlama ar feadh an tsaoil agus a bhforbairt gairme a thaifeadadh agus a phleanáil
- Tá sé saor ó chostas agus is féidir leis cabhrú le foghlaimeoirí a gcuid scileanna amheas agus machnamh a dhéanamh ar a ngairm bheatha,
- Is uirlis é chun cuidiú le foghlaimeoirí agus iad ag cur isteach ar phost de bhun eagarthóirí CV/Litreacha Cumhdaigh agus rianaitheoir iarratais, áit ar féidir leo dintiúir a roinnt le hábhair fostóra
- Tá sé ar fáil d'fhorais oideachais chun tacú le haitheantas a thabhairt don fhoghlaim a sheachadann siad
- Tá sé ar fáil do chuideachtaí agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (SME) chun a bpróisis earcaíochta a chaighdeánú, agus cabhrú lena mbaill foirne athoiliúint a dhéanamh agus breis-scileanna a fhoghlaim




Is í Kinia an chéad dream in Éirinn a bhain úsáid as ardán Europass [grianghraf ón seoladh]. Is é meiteashonraí an mhodúil is bonn leis an teastas, ina measc torthaí foghlama, gníomhaíochtaí agus teicnící measúnachta, agus iad ar fad ar fáil go dátheangach ar uirlis inathraithe teangacha.

Ach a bhfaigheann duine dintiúir Kinia is ceadmhach dó nó di nanaidhindiúir (Nanocreds) a bhronnadh ar na daoine óga a ghlacann páirt sna gníomhaíochtaí nua cruthaitheacha oideachais a dhéanann an duine sin sa rang nó sa timpeallacht óige.

Is é is nanaidhintiúir do dhaoine óga ann suaitheantais is féidir leo a bhailiú agus iad ag cur lena scileanna 21ú haois sa teicneolaíocht chruthaitheach, rud a chuirfear i bhfeidhm ó Earrach 2023 ar aghaidh.

Ní féidir le breisoiliúint oideachasóirí tarlú ar scála gan tacaíocht na scoile nó na heagraíochta óige, agus dá réir sin chun é sin a aithint agus a spreagadh, cuirfimid dintiúir ar fáil ó Fhómhar 2023 ar aghaidh d'institiúidí a thacaíonn le breisoiliúint a mball foirne.




Tá Dintiúir Kinia idirnasctha le tionscnaimh bheartais a thacaíonn le cur chuige na foghlama ar feadh an tsaoil, cur chuige a chinntíonn go bhfuil an ceart ag gach duine i leith oideachais agus oiliúna atá uilechuimsitheach agus ar ardchaighdeán. Is cuid iad den bhonneagar do spásanna foghlama atá bunaithe ar theicneolaíocht chruthaitheach do dhaoine óga atá faoi mhíbhuntáiste agus imeallaithe chun bealaí a oscailt chuig deiseanna gairme agus foghlama amach anseo.

Tacaíonn an córas creidiúnaithe srathach agus forbartha le dul chun cinn intomhaiste agus le forbairt scileanna agus inniúlachtaí trasnaíola an 21ú haois, tacar scileanna atá de dhíth níos mó agus níos mó ar dhaoine óga chun dul i ngleic le saol casta atá ag síor-athrú.


Tá tacaíocht ag Dintiúir Kinia ó

Hibernia College
Clár Éire Ildánach Creative Ireland Programme 2017–2022
ESB
Google
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media
Medtronic Foundation

# Campaí Samhraidh

I rith Shamhradh 2022, chabhraigh ár gcomhordaitheoirí cnuasaigh réigiúnacha leis an iliomad campaí samhraidh ar fud na tíre agus úsáid á baint as ár ngníomhaíochtaí STEAM, Eolaíochta Ríomhaireachta agus Meán Digiteach. Chuir ár gcomhordaitheoirí cnuasaigh réigiúnacha chun oibre le hoideachasóirí atá ar an gclár cheana féin agus le roinnt oideachasóirí nua. Rinneadh formhór na gcampaí samhraidh sin i gcomhar leis an bpleanálaí áitiúil teanga sna ceantair sin. Bhíomar páirteach i gcúig champa Samhraidh ar fud Chonnacht, Uladh, Mumhan agus Laighean.







# An Chomhairle Chomhairleach

Mar chuid dár gcomhairle chomhairleach d'oideachasóirí chuamar go Center Parcs ar feadh deireadh seachtaine le ceathrar oideachasóirí an-ghníomhach atá rannpháirteach i gClár TechSpace. Tháinig na hoideachasóirí seo le chéile chun comhoibriú lena chéile agus aiseolas a thabhairt dúinn ar ghnéithe éagsúla an chláir. Cuidíonn an t-aiseolas seo linn ár dtairiscintí a fheabhsú agus tacaíocht a thabhairt dár n-oideachasóirí agus dár n-eagraíochtaí chomh maith agus is féidir linn.





# Club Teic



Chuir na pleanálaithe teanga, John agus Eibhlín ó Tobar Dhuibhne i gCorca DhuibhneC Club Teic an tSamhraidh ar siúl i rith an tsamhraidh. Bhí daoine óga sa cheantar páirteach sa chlub agus bhí Aisling Ó Dubhaigh agus Sibéal Ní Ógáin ag cabhrú leis an gclub freisin.

Rinneadar go leor rudaí éagsúla sa chlub, cuir i gcás podchraoladh, scannán, beochan íomhá ar íomhá agus scáileán glas a úsáid.





# Oiliúint nua


Bhí deis againn in 2022 athbhreithniú a dhéanamh ar ár dtairiscintí oiliúna agus plé a dhéanamh, mar fhoireann, lenár n-oideachasóirí agus cinneadh a dhéanamh faoi na hoiliúintí ab fhearr ar éirigh leo leis na hoideachasóirí. D'fhorbraíomar oiliúint nua STEAM agus oiliúint úrnua sa phodchraoladh i dteannta na hoiliúna a bhí ann cheana féin sna Meáin Dhigiteacha agus san Eolaíocht Ríomhaireachta. Rud amháin a dfhoghlaimíomar as sin ba ea nár ghá oiliúint bunscoile agus meánscoile a scaradh óna chéile. Táimid ár gcuid oiliúna go léir ar fáil do gach leibhéal agus tá ag éirí go maith leis sin go dtí seo agus na hoideachasóirí ag baint sult as an gcomhoibriú a tharlaíonn ag an oiliúint. Ó tharla paindéim Covid-19 leasaíomar an bealach ina gcuirimid an oiliúint ar fáil. D'fhilleamar ar an oiliúint i bpearsain anuraidh ach chonacthas dúinn gurb é an cur chuige cumaisc is fearr a oireann dár n-oideachasóirí. Cuirimid oiliúint i bpearsain agus ar líne ar fáil anois dár n-oideachasóirí chun freastal ar a gcuid riachtanas.

# Deiseanna Taithí Oibre

Bhí Kinia in ann comhoibriú le hollscoil áitiúil i mbliana chun deiseanna taithí oibre a thabhairt do mhic léinn a bhí ag déanamh staidéir ar chúrsaí difriúla Gaeilge. Bhí beirt intéirneach ag obair linn ó Eanáir go hAibreán, rud a bhí thar a bheith spreagúil dúinn mar fhoireann agus roinnt scoláirí óga díograiseacha ag obair linn ar imeachtaí dá leithéidí TechFéile. Ach ar tháinig deireadh leis an taithí oibre ba chúis áthais dúinn é gur chuir na hintéirnigh isteach ar a bheith ag obair linn. Ó shin i leith, cuireadh an bheirt acu faoi agallamh agus d'éirigh leo agus tá siad beirt ag obair go lánaimseartha linn anois. D'éirigh go han-mhaith leis an gcomhpháirtíocht seo, do Kinia agus do na mic léinn ollscoile araon.

# Comhar na Naíonraí

I mí Lúnasa 2022, d'oibrigh Clár TechSpace le Comhar na Naíonraí chun 4 oiliúint a reáchtáil ar fud na tíre in imeacht seachtaine d'fhoireann Chomhar na Naíonraí. I nGaillimh, i gConamara, i mBaile Bhúirne agus i nGaoth Dobhair a bhí an oiliúint sin ar siúl. D'fhreastail breis is 50 oideachasóir ar an oiliúint san Eolaíocht Ríomhaireachta agus thug siad an t-eolas agus an oiliúint sin ar ais chuig a n-ionaid oibre féin le húsáid leis na daoine óga. Mar gheall ar a fheabhas a d'éirigh leis an oiliúint sin, táimid ag féachaint ar chur chuige na heagraíochta uile i leith na hoiliúna. Más féidir linn an eagraíocht a thabhairt ar bord is fusa a bhíonn sé iliomad oideachasóirí a earcú ó eagraíocht amháin.






# An Fhoghlaim Chumaisc

D'fhoghlaimíomar ón deireadh seachtaine comhairleach d'oideachasóirí go raibh foghlaim chumaisc ag teastáil ó na hoideachasóirí ar ár gclár. Thugamar toradh ar an aiseolas sin agus chruthaigh foireann Clár TechSpace ábhar le haghaidh na hoiliúna féintreoraithe ar líne. Thaifid siad an t-ábhar sin freisin, ábhar a mbeidh fáil air in 2023 chun riachtanais ár n-oideachasóirí a shásamh.

















# Carnabhal na Gaelscoileanna

Bhí deis againn i rith na bliana Tech Tasters a dhéanamh le daltaí bunscoileanna ar fud na tíre le Carnabhal na nGaelscoileanna le Cumann na bhFiann. Daltaí bunscoile a bhí i gceist. Bhí stáisiún MOJO, Podcraoltóireachta agus STEAM againn na laethanta sin agus bhí deis ag na dáltaí triail a bhaint astu go léir. D'éirigh go maith leo an trealamh a úsáid i gceart agus bhíodar toilteanach na tascanna a d'eagraíomar a dhéanamh.

# 2
# Imeachtaí

# Tech Féile 2022

kinia tech féile 2022

572 Duine Óg Rannpháirteach

140 Tionscadal Óige Faighte

26 Institiúid Cláraithe

## Comórtas Náisiúnta Róbat

## Buíonta Ceoil Óige

**Mar"a dúirt daoine a d'fhreastail ar TechFéile 2022**

> D'fhoghlaim mé ó mo thionscadail an chuid foighne, feamhsú mo obair mar grúpa, feabhsú ar mo scilleanna Animation, scilleanna cumadh agus d'foghmaim conas videó screencapture a dheanamh

> Bhí an ócáid bheo cuirthe le chéile go hiontach

> tá an atmosfére go hiontach. gach uair a raibh mé an dfoghlaim rud eigeann nua

> - Bualadh le scoileanna lánghaelacha eile
> - Nuair a thángamar go léir le chéile sa sheomra leis na dúiseanna a bhronadh ag an deireadh. Thaitin na sosanna ceolta go mór liom.








kinia
tech féile
2022
Cogadh Róbait
An Chraobh
techfeile.com



# Creative Educator Tech Fest 2022

110 Oideachasóir i láthair

15 Caint Spotsolais

7 gCeardlann ar fáil

3 Chaint Phainéil


**Tuairimí roinnt dár n-oideachasóirí:**

> Firstly well done. The event was very professionally organised and a great opportunity to meet people from both formal and informal education sectors with an interest in this area, so the whole team should be very pleased. Take a bow.

> Professional, fruitful, engaging and innovative.

> To me it feels like a 'movement' rather than a one day event. I will happily spread the word




kinia
Google
Aisling Ní Shé
Kinia
Map
Staff


EDUCATOR
TECH FEST
Harnessing Digital
DigComp 2.2
Digital Education
Action Plan
Digital Strategy
for Schools


kinia
CREATIVE
EDUCATOR
TECH FEST


kinia

# Curaclam Forbairt

## Oiliúint nua

Bíonn Kinia ag foghlaim de shor ó na hoideachasóirí agus ó na daoine óga a mbímid ag obair leo agus dá réir sin thástálamar snáitheanna nua oiliúna lenár bpainéil chomhairleacha. Baineann na smaointe reatha le haghaidh na hoiliúna nua le AR agus VR, le beochan íomhá ar íomhá agus lei san inbhuanaitheacht. Tá súil againn iad seo a bhrú chun cinn tuilleadh agus iad a bheith ar fáil inár dtairiscintí amach anseo.

Dhear Kinia cúrsaí nua oiliúna le linn 2022.
STEAM: Ciorcaid agus Podchraoladh agus Beochan

## Podchraoladh

Bhí podchraoladh i measc na hoiliúna ba mhó tóir i mbliana. Tá an cúrsa dírithe ar thosaitheoirí agus orthusan a bhfuil taithí bhunúsach acu ar an bpodchraoladh. Tugann an oiliúint buneolas d'oideachasóirí chun podchraoladh ar ardchaighdeán a chruthú le cur chuige cothromaithe idir an fhoghlaim theoiriciúil agus phraiticiúil. Tugann an oiliúint 1 lá seo bonneolas maith maidir le cruthú coincheapa, scríbhneoireacht scripte agus úsáid na mbogearraí agus an trealaimh phodchraolacháin a chuirtear ar fáil.


Ach a gcríochnaíonn oideachasóirí an oiliúint seo bíonn eolas acu ar bhunghnéithe na podchraoltóireachta agus bíonn a fhios acu freisin conas an méid a d'fhoghlaim siad a chur i bhfeidhm i dtimpeallacht oideachais.






## STEAM: Ciorcaid

Ar cheann de na cúrsaí sin tá ár gcúrsa nua STEAM: ciorcaid. San oiliúint 1 lae seo foghlaimeoidh oideachasóirí faoin gciorcad simplí ó bheith ag féachaint air go fíorúil, tógfaidh siad a dtionscadail STEAM féin ansin laistigh den oiliúint, cuir i gcás gaothrán gréine, trealamh aerchrochta agus róbait scrioblála agus cuirfidh siad deireadh lena gcuid oiliúna le hiarracht a dhéanamh feithicil a thógáil a ghluaiseann gan treoracha.



## Beochan íomhá ar íomhá

Tar éis triail a bhaint as beochan íomhá ar íomhá lenár ngrúpaí comhairleacha d’oideachasóirí agus do dhaoine óga, d’fhorbraíomar oiliúint nua ar an ábhar. Fiosróidh oideachasóirí bunghnéithe na beochana íomhá ar íomhá agus na beochana 2T. Foghlaimeoidh siad conas tionscadal beochana a phleanáil agus a chur i gcrích le grúpa daoine óga. Idir séal-chlárú, dearadh seit agus eagarthóireacht agus fuaim. Clúdóimid gach rud a chaitheann a bheith ar eolas ag oideachasóirí chun gearrscannán beochana a chruthú.



## Naisc leis an gcuraclam


Agus muid ag breathnú ar ár gcuid oiliúna is léir go bhfuil go leor nasc le curaclam na bunscoile agus na hiar-bhunscoile ann. Bheartaíomar i mbliana ar a fhiafraí dár n-oideachasóirí cé na naisc leis an gcuraclam a d’fhéadfaidís a thabhairt ar ais chuig a n-eagraíochtaí, dar leo. Seo a leanas cuid de na torthaí a fuaireamar i ndáil le hoiliúint sna Meáin Dhigiteacha, san Eolaíocht Ríomhaireachta agus in STEAM:

Eolaíocht
Teanga - cumarsáid, foclaíocht
Mata
Spórt
Scéalaíocht
Teanga ó bhéal
Ceol
Ag scríobh treoracha nó procedural writing sna teangacha
Gaeilge
Dráma
Scríbhneoireacht
Nuacht
O.S.P.S. - Scileanna comhoibriú
Dramaíocht
Aimsir
Scríobhneoireacht
Ealaíon

# Aiseolas ó oiliúint

Is iad na príomhréimsí a luaitear in aiseolais ó mhúinteoirí:

- Fáil ar acmhainní leanúnacha curaclaim
- Tacaíocht agus trealamh á úsáid acu san oiliúint agus nuair a fhilleann siad ar a n-eagraíochtaí - mothaíonn siad muiníneach a scileanna nua a chur i láthair daoine óga
- Tacaíocht leanúnach ó Chomhordaitheoirí Cnuasaigh
- Ábhar traidisiúnta cúrsa a chur in oiriúint chun teicnící éagsúla foghlama a fhiosrú agus úsáid á baint as uirlisí agus acmhainní a chuirtear ar fáil san oiliúint
- Deiseanna leanúnacha oiliúna
- Éileamh ar níos mó tacaíochta in eagraíocht scoile le hoiliúintí in-tí.



## A ndúradh tar éis na hOiliúna

> Bhí an oiliúint praiticiúil agus spraíúil agus b'éasca í a mhúineadh do leanaí

> Bhí oideachasóirí sásta go raibh an oiliúint ar fáil as Gaeilge

> Bhí an oiliúint soiléir agus éasca le leanúint agus beidh an-tacaíocht ar fáil tar éis an tseisiúin


> Fuaireamar an-tacaíocht ón bhfoireann

> Bhí sé praiticiúil agus ní raibh aon drogall orm ceisteanna a chur


> Bhain mé an-taitneamh as an gcúrsa agus tá súil agam an oiliúint a chur i bhfeidhm le go mbainfidh mo ranganna tairbhe as.

> Leis an treallamh agus an taithí atá le fail cheapas go raibh an cúrsa is fearr a dheineas le tréimhse fada anuas

## An Mholfá an cúrsa seo do mhúinteoir/oibrí óige eile?





## Bainfidh mé úsáid oideachas STEAM i mo sheomra ranga




# Stádas na Láithreacha ar fud na tíre

Tá breis agus 500 oideachasóir ar ár gclár anois i mbreis agus 250 eagraíocht ar fud na tíre.

## Rannpháirtithe de réir Contae



## Oiliúint a cuireadh ar fáil go náisiúnta in 2022:

- STEAM
- MoJo
- Podchraoladh
- Eolaíocht Ríomhaireachta: Róbataic

## Stádas deontais/Trealamh a cheannach

Ó bhí Covid ann, tá tairiscint an trealaimh oiliúna d'oideachasóirí ag na seisiúin oiliúna an-tarraingteach d'eagraíochtaí. Tá deis fós ag eagraíochtaí cur isteach ar an deontas chun tuilleadh trealaimh a cheannach i ndiaidh a gcuid oiliúna.





# Stádas Láthair Chonnacht

Tá 89 grúpa againn i gConnachta, ar féidir iad a roinnt ina 13 Mheánscoil, 66 Bunscoil agus 10 n-eagraíocht óige. Thug na hoideachasóirí sa réigiún seo oiliúint chun críche sna Meáin Dhigiteacha, i STEAM agus/nó san Eolaíocht Ríomhaireachta. Ghlac 10 ngrúpa páirt in TechFéile 2022 agus d'fhreastail 4 oideachasóir ar an Educator Creative Tech Fest in 2022.

## Seisiúin Tacaíochta i gConnachta

Rinne ár gcomhordaitheoir réigiúnach 21 seisiún tacaíochta ar an láthair/ar líne




# Stádas Láthair Uladh

Tá 29 grúpa againn in Ulaidh, ar féidir iad a roinnt ina 8 Meánscoil, 11 Bhunscoil agus 10 n-eagraíocht óige. Thug na hoideachasóirí sa réigiún seo oiliúint chun críche sna Meáin Dhigiteacha, i STEAM agus/nó san Eolaíocht Ríomhaireachta. Ghlac 4 ngrúpa páirt in TechFéile 2022 agus d'fhreastail 2 oideachasóir ar an Educator Creative Tech Fest in 2022.

## Seisiúin Tacaíochta in Ulaidh

Rinne ár gcomhordaitheoir réigiúnach 41 seisiún tacaíochta ar an láthair/ar líne





# Stádas Láthair na Mumhan

Tá 43 grúpa againn sa Mhumhain, ar féidir iad a roinnt ina 9 Meánscoil, 26 Bunscoil agus 8 n-eagraíocht óige. Thug na hoideachasóirí sa réigiún seo oiliúint chun críche sna Meáin Dhigiteacha, i STEAM agus/nó san Eolaíocht Ríomhaireachta. Ghlac 3 ghrúpa páirt in TechFéile 2022 agus d'fhreastail 8 oideachasóir ar an Educator Creative Tech Fest in 2022.

## Seisiúin Tacaíochta sa Mhumhain

Rinne ár gcomhordaitheoir réigiúnach 24 seisiún tacaíochta ar an láthair/ar líne




# Stádas Láthair Laighean

Tá 56 grúpa againn i Laighin, ar féidir iad a roinnt ina 10 Meánscoil, 39 Bunscoil agus 7 n-eagraíocht óige. Thug na hoideachasóirí sa réigiún seo oiliúint chun críche sna Meáin Dhigiteacha, i STEAM agus/nó san Eolaíocht Ríomhaireachta. Ghlac 5 ghrúpa páirt in TechFéile 2022 agus d'fhreastail 4 oideachasóir ar an Educator Creative Tech Fest in 2022.

## Seisiúin Tacaíochta i Laighin

Rinne ár gcomhordaitheoir réigiúnach 25 seisiún tacaíochta ar an láthair/ar líne






# 3
# Dúshláin agus Moltaí

# Spriocanna Oiliúna

Bhí sé deacair earcaíocht le haghaidh oiliúna ar líne a dhéanamh mar gheall ar dhaoine a bheith bréan de bheith ar líne tar éis beagnach dhá bhliain den obair i measc ár gcuid oideachasóirí. Chuaigh sé an-dian orainn earcaíocht a dhéanamh d'oiliúint i bpearsain. Bhí na bacainní céanna ann ar fud na tíre sa mhéid is nach féidir le scoileanna múinteoir a scaoileadh saor (go háirithe iliomad múinteoirí in aon scoil amháin) le freastal ar oiliúint i bpearsain áit éigin eile. Tá easpa múinteoirí ionaid sa tír faoi láthair agus mar sin tá scoileanna ag streachailt le múinteoirí a scaoileadh saor. D'fhéadfaí é seo a athbhreithniú ach breathnú ar laethanta EPV, uaireanta Pháirc an Chrócaigh agus clúdach ionadaíochta.

Tar éis dul i gcomhairle lenár n-oideachasóirí, ina measc na hoideachasóirí atá ar an mbord comhairleach, ba é an t-aiseolas a fuaireamar go raibh cur chuige foghlama cumaisc ag teastáil uathu. Tá an cur chuige cumaisc seo á fhorbairt againn agus tá súil againn cuid dár gcúrsaí a thairiscint ina dtairiscintí cumaisc ach féintreoraithe. Chonaicemar gur éirigh go maith le hoiliúint a cuireadh ar siúl ar an láthair i scoil nó in eagraíocht óige le haghaidh iliomad ball foirne agus maith an rud é sin. Leanfaimid orainn ag tacú leis an tsamhail sin agus á cur chun cinn in 2023.

Bhí deacrachtaí earcaíochta ann go réigiúnach freisin. Níl comhordaitheoir réigiúnach againn i mBaile Átha Cliath ó mhí na Bealtaine toisc earcaíocht a bheith níos deacra sa réigiún seo. Táimid ag earcú faoi láthair do chomhordaitheoir cnuasaigh nua i mBaile Átha Cliath chun é seo a réiteach. Ní raibh comhordaitheoir cnuasaigh i gCúige Mumhan againn ó Lúnasa 2021, ach d'earcaíomar comhordaitheoir nua cnuasaigh na Mumhan i mí Lúnasa 2022, rud a chuaigh chun sochair go mór dúinn.



# Éachtaí agus Moltaí

## Oiliúint in-tí


De réir mar a cuireadh deireadh le srianta Covid, bhí deis againn teacht le chéile mar fhoireann iomlán agus freastal ar oiliúint i bpearsain. Thug na seisiúin oiliúna sin deis dúinn foghlaim faoi oiliúint agus trealamh nua a bheimid a chur i láthair oideachasóirí amach anseo. Tharla a leithéid i mí na Samhna nuair a thaistil beirt fhostaithe le Skriware ón bPolainn chun áisitheoireacht a dhéanamh do cheardlann don fhoireann ar fad in oifigí GEC i mBaile Átha Cliath. D'fhoghlaimíomar conas printéir 3D a úsáid agus conas ár ndearaí féin a chur le chéile ag an gceardlann sin. Tugadh deis dúinn SkriApp a úsáid agus bloc-chódú a dhéanamh i suíomh grúpa ina bhféadfaimis ceisteanna a chur agus obair a dhéanamh mar fhoireann chun eiseamláirí códúcháin a chruthú a bheadh úsáideach inár n-oiliúint amach anseo. Ba mhór an tairbhe do gach duine a bhí páirteach ann an eagraíocht iomlán a bheith ag an oiliúint óir fuair baill eile foirne taithí ar threalamh agus ar ghníomhaíochtaí a mhúintear inár gcuid oiliúna, taithí nach raibh deis acu a fháil roimhe sin, b'fhéidir. Deis iontach a bhí ann dár gcuid comhordaitheoirí cnuasaigh a bheith páirteach ann freisin agus bhuail siad le baill eile na heagraíochta.


## Samhail na gcomhordaitheoirí cnuasaigh

Glacadh le samhail na gcomhordaitheoirí cnuasaigh chun a chinntiú go bhféadfaimis tacú lenár n-oideachasóirí ó lá go lá. Sanntar comhordaitheoir cnuasaigh do réigiún ar leith agus bíonn an duine sin mar a bheadh príomhphointe teagmhála maidir le hoiliúint agus imeachtaí an chláir ina dhiaidh sin. Bíonn siad ar fáil freisin chun ceisteanna ginearálta a d'fhéadfadh a bheith ag oideachasóir nó eagraíocht faoin gclár a fhreagairt. Bíonn siad in éineacht le hOifigigh Oideachais i ngach oiliúint agus cuireann siad seisiúin tacaíochta iar-oiliúna ar fáil d'aon duine a thugann oiliúint le Clár TechSpace chun críche. Cuireann samhail na gcomhordaitheoirí ar ár gcumas tacaíocht leanúnach a chur ar fáil do mhúinteoirí agus d'oideachasóirí ar an láthair i rith na bliana. Léiriú ar rath na samhlach seo is ea an líon ard oideachasóirí a chláraíonn don oiliúint agus an spéis mhór a bhíonn in imeachtaí dá leithéidí TechFéile. Oibríonn cnuasaigh go díreach le heagraíochtaí agus le daoine aonair agus iad ag cur tacaíocht leanúnach réigiúnach ar fáil d'oideachasóirí ar an gclár.

# An líonra ar líne

Is áit é an líonra ar líne ar féidir le hoideachasóirí dul ann tar éis dóibh a gcuid oiliúna a chríochnú agus tacaíocht agus treoir bhreise a fháil. Cuireann an líonra ar líne treoracha céim ar chéim ar fáil dóibhsean a thugann oiliúint linn chun críche, treoracha maidir le gníomhaíochtaí, físeáin faoi ghníomhaíochtaí agus tacaíocht i ndáil le trealamh a chur le chéile. An fhoireann againne a scríobhann na treoracha céim ar chéim seo agus bíonn siad ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla. Is ardán iontach é seo d'oideachasóirí tar éis na hoiliúna má tá an cúnamh breise sin de dhíth orthu nó meabhrú faoin méid a dúradh nó a léiríodh le linn an lae oiliúna.




# Kinia Creative Educator Tech Fest 2022

Reáchtáladh an chéad Kinia Creative Educator Tech Fest riamh i mí na Samhna 2022 sa Google Foundry i mBaile Átha Cliath. Rinne Google urraíocht ar an ócáid a thug breis is 110 oideachasóir le chéile chun a gcuid oibre a cheiliúradh, chun teicneolaíochtaí nua a fhiosrú agus chun spreagadh a fháil ónár n-aoichainteoirí agus ó Chainteanna Spotsolais.

Nuair a bhain siad an áit amach, bhí deis ag oideachasóirí líonrú le comh-oideachasóirí i bpobal Kinia. Tar éis teachtaireacht ón bPríomhfheidhmeannach, Marianne Checkley, sheol Ceann na Foghlama, an Dr. Brían Ó Donnchadha, Dintiúir Kinia, agus bhí go leor daoine a fuair na dintiúir i láthair. Rinneadh gairdeas faoi leith le Pádraig Ó Dubhaigh, ar bronnadh sé dhintiúr air agus níor bheag sin.

Rinneadh Cainteanna gairide Spotsolais, ar thrí ardán dhifriúla, a thug deis d'oideachasóirí rudaí nua a fhoghlaim ó thaithí na gcainteoirí agus iad ag comhtháthú na teicneolaíochta ina seomraí ranga nó ina dtimpeallachtaí óige. Thug roinnt oideachasóirí de chuid Chlár TechSpace inspioráid agus smaointe d'oideachasóirí eile sna cainteanna. Tugadh deis don lucht freastail na Blaisíní Teicneolaíochta a thriail ag na seastáin dhifriúla, ina measc Podchraoladh, Priontáil 3D agus Eolaíocht Ríomhaireachta. Chuir Kinia Lab blaiseadh den oiliúint reatha ar fáil chomh maith le hoiliúint atáimid a fhorbairt faoi láthair, cuir i gcás an Réaltacht Fhíorúil agus Fuinneamh In-athnuaite.

D'fhreastail aíonna ansin ar dhá cheardlann an duine, ag us fuair siad eolas faoi theicneolaíochtaí nua agus taithí phraiticiúil. Ar na ceardlanna sin bhí, Skriware le Viktor Bohdanov, *Inspiring Women Volograms AR* le Linda Cardiff, *Immersive Technology within the non-formal education and youth work sectors* le Barry Haughey, *3D modelling using CAD software* le Isabel Meza ó Irish Manufacturing Research, Ceardlann *Trinity*

*Next Gen Battery* le John O'Donoghue agus eispéiris Réaltachta Fíorúla le Mark Baldwin SchoolVR. Agus deireadh na hócáide ag teannadh linn, d'fhreastail oideachasóirí ar dhá phlépainéal shuimiúla. Bhí Mark Little agus an Dr. Patricia Scanlon inár dteannta agus phléigh siad 'Being human with AI. The current reality and future in society and education'. Chualamar, i ndeireadh na dála, ó aos óg na hÉireann, Mark Donnelly, Alicia O'Sullivan, Rachel Ring agus James Flanagan a thug léargas dúinn ar na nithe ar éirigh leo ina gcuid oideachais, agus leag siad béim ar a thábhachtaí atá sé gairmeacha beatha agus bealaí foghlama uilechuimsitheacha a chothú.

# Comhraic Róbat TechFéile

Gníomhaíocht nua ba ea Comhraic Róbat a tugadh isteach le haghaidh TechFéile 2022. Cuireadh treoracha gníomhaíochta le chéile agus seoladh chuig scoileanna ar fud na tíre iad. Chuir na scoileanna an trealamh le chéile agus iarradh orthu iad a mhaisiú agus portfóilió a scríobh faoin bpróiseas.

Reáchtáladh babhtaí ceannais réigiúnacha i nGaillimh, i nDún na nGall agus i gCorcaigh, mar ar thugamar cuireadh do scoileanna i ngach réigiún dul san iomaíocht sna Chomhraic Róbat. Bhí 3 fhoireann ag gach scoil a d'oibrigh ar a róbait féin. Sna babhtaí ceannais réigiúnacha, bhí 3 dhúshlán gach foirne. Ba é an chéad dúshlán rás timpeall ar chúrsa bacainní. Ba é an dara dúshlán 'robáil bainc' ach ar cuireadh míreanna i lár na hairéine agus a raibh ar gach foireann a oiread earraí agus ab fhéidir a bhailiú. Bronnadh pointí orthu as an líon earraí a bhailigh siad. 'Comhrac chun báis' ba ea an trí dúshlán lena raibh ar na róbait comhrac lena chéile agus iarracht a dhéanamh na hiomaitheoirí eile a chur as an imirt. Fuarthas aiseolas an-dearfach ó dhaltaí agus ó oideachasóirí óir bhain siad an-taitneamh as an bpróiseas agus ócáid shóisialta iontach a bhí ann lena raibh deis acu bualadh le daltaí eile ó Ghaelscoileanna ina gceantar féin.

Ba é an chéad chéim eile an Babhta Ceannais Náisiúnta a reáchtáladh i nDroim Rí, Co. na Mí. Roghnaíodh na buaiteoirí as gach réigiún agus tugadh cuireadh dóibh dul san iomaíocht i gcoinne foirne eile. Bhain na rialacha céanna leis na dúshláin ach cuireadh tuilleadh bacainní rompu agus tugadh ar na daltaí tuilleadh oibre a dhéanamh ar a gcuid róbat ach mionathruithe a dhéanamh orthu agus a bheith cruthaitheach lena gcuid dearaí. Bhain gach duine a bhí páirteach ann an-sult go deo as. Bhí sceitimíní ar a raibh ann an lá ar fad agus na daltaí ar bís lena fháil amach cén fhoireann a mbeadh an lá leo. Bhain siad idir thairbhe agus taitneamh as an eispéireas agus thaitin sé go mór leo go raibh deis acu a fháil amach cé na nithe ar éirigh leo agus nár éirigh leo sa bhabhta réigiúnach agus go raibh deis acu obair as lámha a chéile chun feabhsuithe a dhéanamh.



# Scéalta faoi Thionchar

## Connachta

Is í Andrea Tighe atá i bhfeighil Chlub Teic Maigh Cuilinn, Gaillimh. Tá Andrea ag glacadh páirte in imeachtaí Kinia de gach cineál le cúpla bliain anuas. D'fhreastail sí ar gach cineál oiliúna amháin a chuireamar ar fáil againn agus úsáideann sí na scileanna agus an trealamh ón oiliúint sin gach seachtain ina club óige. Ghlac a cuid grúpaí páirt in TechFéile agus in Creative Tech Fest i gcónaí, agus thaistil ceann de na grúpaí chuig babhta ceannais TechFéile i Ráth Cairn i mbliana. Bhí Andrea ar dhuine de na hoideachasóirí a labhair faoina heispéireas le Kinia ag Educator TechFest i mí na Samhna freisin.

Scoláire sa chúigiú bliain i gColáiste an Eachréidh i mBaile Átha an Rí, Gaillimh is ea Semyon Ó Sionnaigh. Bhí baint ag Semyon le painéal comhairleach na n-óg san am atá caite, agus é ag tástáil trealamh nua do Kinia. D'úsáid sé na scileanna a d'fhoghlaim sé ó Bhairbre Ní Choisdealbha faoi na meáin dhigiteacha chun físeán scoir a dhéanamh d'iar-phríomhoide na scoile chomh maith le tionscadal staire scoile ar Éirí Amach na Cásca 1916. Rinne sé é sin ar fad faoi stiúir Larry Morgan, a d'fhreastail ar sheisiúin oiliúna le Kinia san am atá caite. Tá Semyon anois i gceannas ar ranganna Zoom ar líne a phléann eagarthóireacht físeán le daltaí lasmuigh d'uaireanta scoile, agus é ag múineadh na scileanna a d'fhoghlaim sé ó Oideachasóirí Kinia do dhaoine eile.




## Ulaidh

Is oibrithe óige iad Anna Nic Lochlainn agus Lucia McClafferty le Céim Aniar atá lonnaithe sna Dúnaibh, Dún na nGall. Ó thosaigh siad i mbun rannpháirtíochta le Kinia breis agus bliain ó shin tá an bheirt tar éis an iliomad seisiún oiliúna éagsúla a thabhairt chun críche agus a bheith rannpháirteach in Techféile dhá bhliain as a chéile. Thóg siad róbat, le cúnamh a gcuid scoláirí, a thug go dtí babhta réigiúnach na gComhrac Róbat i nGaoth Dobhair agus d'éirigh thar cionn leo.

Bhuaigh Charlie Leader taibheoir óg na bliana. Ghlac sé páirt i gcomórtas Techféile na bliana seo lena chomhscoláirí ó Choláiste Ailigh. Dhear an grúpa róbat nach nach raibh a shárú amuigh ag an leibhéal réigiúnach agus a ba bheag nach raibh an lá leo sa bhabhta ceannais náisiúnta. Ba iad an t-aon ghrúpa iad a cheangail níos mó ná mótair amháin dá róbat, rud a mhéadaigh a chumhacht faoi dhó. Ba é Charlie a bhí i gceannas ar an ngrúpa agus cé gur bhuaigh sé taibheoir óg na bliana, ba bheag nár bhain a ghrúpa duais bhuaiteoirí Techféile 2022 amach.

## Mumhain

Is é Aodh Mac Craith Príomhoide Scoil Náisiúnta na Rinne i nGaeltacht i gContae Phort Láirge. Ó chuala sé faoi Kinia tá sé gníomhach ina rannpháirtí ar chúrsa róbataice, Mojo agus STEAM. Léirigh sé ábhar tarraingteach le Scáileán Glas leis na daltaí ina ranganna de bhun na scileanna a d'fhoghlaim sé ar oiliúint Mojo agus bronnadh aitheantas creidiúnach air as an obair seo chun líofacht agus muinín sa Ghaeilge labhartha a spreagadh. Chuir sé leis an mBord Comhairleach agus chuir sé a chuid oibre i láthair comhghleacaithe ag Educator Techfest 2022.







## Ciarraí

Is múinteoir meánscoile é Pádraig Ó Dubhaigh i bPobalscoil Chorca Dhuibhne. Tá Ríomheolaíocht agus Fraincis á múineadh aige sa scoil agus tá ana shuim aige i gcúrsaí teicneolaíochta. Bhain sé amach 6 dhintiúr ag an Educator Fest i mbliana. Bíonn sé ag glacadh páirt i gcónaí i gcúrsaí Chlár TechSpace chun forbairt a dhéanamh ar a chuid scileanna féin agus scileanna a scoláirí. Glacann sé féin agus daltaí Pobalscoil Chorca Dhuibhne páirt in TechFéile gach bliain agus tá siad tar éis tionscadal difriúil a dhéanamh dóibh seo. Tá sé féin agus na daltaí seo tosnaithe ar thionscadal do Teic Féile 2023.

Is dalta i bPobalscoil Chorca Dhuibhne í Sibéal Ní Ógáin. Tá spéis ag Sibéal sa teicneolaíocht agus tá sé sin le féiscint leis an méid atá bainte amach aici. Bhuaigh sí TechSpacer na bliana an bhliain seo caite agus bhí ba pháirt lárnach sa chlub teic í. Thosnaigh John agus Evelyn ó Tobar Dhuibhne an club teic i rith an tsamhraidh agus bhí Sibéal sáite go mór ann.

## Cúige Laighean

Is múinteoir Mata, Gaeilge agus Eolaíochta Ríomhaireachta í Edel Céitinn i Meánscoil Gharman i Loch Garman. Ó chuir sí tús lena haistear le Kinia in 2018, agus ar thug sí ár n-oiliúint san Eolaíocht Ríomhaireachta chun críche, thug sí faoi roinnt oiliúna éagsúla Edel,, ina measc Podchraoladh agus STEAM.

Thug sí tionscadail éagsúla chun críche lena scoláirí, ina measc Scratch, Skribots, Microbits, sádráil agus ciorcaid. D'fhreastail Edel agus a cuid scoláirí ar roinnt imeachtaí Kinia, ina measc TechFéile 2019 agus 2022, agus chuir siad tús lena gcuid tionscadal le haghaidh TechFéile 2023 cheana féin. Tugadh aitheantas do Edel as an tsár-obair a dhéanann sí lena scoláirí ag imeacht beo TechFéile in 2022 nuair a bronnadh Oideachasóir na Bliana uirthi. Anuas air sin, thug Edel Caint Spotsolais ag Kinia Creative Educator Tech Fest 2022 mar a raibh oideachasóirí eile in ann foghlaim óna heispéiris le Kinia agus spreagadh a fháil uaithi.

Is dalta i Meánscoil Gharman í Mia Ní Dhomhnaill agus chuir sí an-suim i dteicneolaíocht de gach sórt. Chruthaigh sí a leagan féin den chluiche Flappy Bird le MicroBit, agus thug sí Running Robin air. Chódaigh Mia an mháthairchlár agus chruthaigh sí consól athchúrsáilte as rudaí a fuair sí ar fud an tí. Bhuaigh Mia an chéad áit in TechFéile 2020 ina dhiaidh sin leis an tionscadal sin, agus is fiú a lua freisin go bhfuair Mia an tríú háit in Tech Féile 2019. Rinne Mia podchraoladh le déanaí lena comhscoláirí inar pléadh a thógtha is atá sí leis an teicneolaíocht agus a bhfuil bainte amach aici le Kinia. Sa phodchraoladh sin cuireann sí ina luí ar éisteoirí nach obair in aon a bhíonn ann nuair a thugann tú faoi rud a bhfuil do chroí ann nó a chaithfidh tú a dhéanamh, cé go mbíonn cuma scanrúil air ar dtús, agus gur geall le cluiche é. Má tá suim ar bith ag duine sa teicneolaíocht, a deir sí, is cinnte go mbainfidh tú idir thairbhe agus taitneamh as TechFest.

# 4
# Focal Scoir

## Nóta ó Shéamus Ó Fátharta & Eva Ní Choirbín

Comhordaitheoirí Chlár TechSpace




Cuireadh an clár TechSpace ar fail ar leibhéal náisiúnta agus leanfar ar aghaidh á leathnú an bhliain seo chugainn. Táimid ag ullmhú do leanúint leis an gclár seo in 2023 agus é a fhás ina ghréasán de bhunscoileanna, de mheánscoileanna agus d'eagraíochtaí óige a bheidh ag obair as Gaeilge agus ag tacú leis an líonra seo. Leanfaimid orainn ag dul i gcomhairle leis na hoideachasóirí agus na daoine óga ar an gclár, mar is gnách, chun ár dtairiscintí a mhéadú agus chun oiliúint agus ábhar nua a chruthú. Chuir Kinia an clár TechSpace i bhfeidhm go rathúil in 2022 agus táimid réidh anois do leathnú náisiúnta in 2023.

Tá breis agus 250 eagraíocht gníomhach sa chlár in 2022 agus tá pobal nuálaíoch againn, atá ag dul i méid de shíor, d'oideachasóirí teicneolaíochta cruthaitheacha a sheachadann gníomhaíochtaí STEAM, Eolaíochta Ríomhaireachta agus Cruthaitheachta Digití ar dhaoine óga as Gaeilge. Tá an clár ag soláthar spás dearfach do dhaoine óga agus d'oideachasóirí in Éirinn chun dul i mbun na cruthaitheachta agus na cumadóireachta agus na glúine atá le teacht a spreagadh agus an Ghaeilge a chothú ag an am céanna.

Díreofar níos mó ar thacaíocht agus ar oiliúint don eagraíocht ina hiomláine in 2023 óir creidimid gur samhail níos inbhuanaithe é sin toisc gur chuireamar oiliúint ar go leor de na heagraíochtaí Gaeilge sa tír cheana féin.

Mar a deirimid in Kinia, 'Ní saol go foghlaim'. Ba mhór an pléisiúr é an clár seo a fheiceáil ag fás bliain i ndiaidh bliana agus an difear atá sé a dhéanamh d'oideachasóirí agus do dhaoine óga i réimse an oideachais, na cruthaitheachta, na teicneolaíochta agus na Gaeilge a fheiceáil.

kinia

Ní Saol go Foghlaim

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

kinia
Ní Saol go Foghlaim

S20
STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030
Ár dTeanga, Ár bPobal

kinia
Clár Techspace

kinia.ie